

Tuarascáil Tearmainn 2022

Achoimre Feidhmiúcháin





© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann EUAA freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Grianghraf clúdaigh: [iStock/Kostas7](#)

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

PDF ISBN 978-92-9487-455-9 doi: 10.2847/454 BZ-AH-22-001-GA-N ISSN 2600-318X

Is ceadmhach an foilseachán seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Tuarascáil Tearmainn 2022

An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Réamhrá

Bhí tionchar díreach ag forbairtí polaitiúla in 2021 agus ag tús 2022 ar riachtanais chosanta idirnáisiúnta, rud a spreag borradh san easáitiú i dtreo thíortha AE+. Chruthaigh cumhacht an Talaban san Afganastáin agus ionradh na Rúise ar an Úcráin riachtanais chosanta nua, forbairtí a bhí mar bhonn le líon níos mó iarrthóirí tearmainn a bheith san Eoraip. Ina theannta sin, mar thoradh ar staid iar-COVID-19 agus an méadú ar an líon iarrthóirí tearmainn, cruthaíodh dúshlán nua a d'éiligh réitigh dhinimiciúla chun sláine an chórais tearmainn ilnáisiúnta amháin ar domhan – an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET) – a chaomhnú. Is meabhrú iad na teagmhais sin ar cé chomh tapa a d'fhéadfadh patrúin imirce agus tearmainn athrú.

Sa chomhthéacs sin, tarraingítear aird i [dTuarascáil Tearmainn 2022](#) ar conas a tástáladh ullmhacht agus solúbthacht na gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha chun leanúint le cosaint a sholáthar dóibh siúd a bhí i ngátar. Bhí brú ollmhór ar go leor rialtas mar gheall ar mhórphlódú imirceach, le linn dóibh leanúint ar aghaidh ag déileáil le srianta leanúnacha COVID-19. Léirítear sa tuarascáil na réimsí ina bhfuil



cóineasú maidir le CET a chur chun feidhme, ach ní dhéantar neamhaird ar na héagsúlachtaí atá fós le tabhairt faoi deara agus ar na réimsí ar féidir iad a fheabhsú tuilleadh.

Ní fhorbrófar athléimneacht na gcóras tearmainn ach amháin má dhéantar dul chun cinn i ndáil le glacadh le hionstraimí dlíthiúla Chomhshocrú maidir le himirce agus Tearmann an Choimisiúin Eorpaigh. Ina theannta sin, tá ról lárnach ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ag a bhfuil sainordú treisithe ó Eanáir 2022, i ndáil le CET a chalabhrú tuilleadh agus tacú go gníomhach leis na Ballstáit. Ach tá sé tábhachtach freisin cluas éisteachta a thabhairt do ghuthanna na ndaoine atá ag na línte tosaigh. Is sa chomhthéacs sin atá an Tuarascáil Tearmainn ag feidhmiú mar acmhainn luachmhar ina luaitear breis is 1,500 foinse iontaofa, lena n-áirítear údarais náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an saol acadúil agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus soláthraítear sa Tuarascáil an nuashonrú staide is cuimsithí i réimse an tearmainn san Eoraip.

Mar lárionad saineolais maidir le tearmann san Eoraip agus ó bunaíodh í 11 bhliain ó shin, tá tíortha AE+ aontaithe ag an nGníomhaireacht chun faisnéis a mhalartú, dea-chleachtais a roinnt, cáilíocht a fheabhsú agus cleachtais a chomhchuibhiú. Is cinnte go leanfaidh an t-éileamh ar thacaíocht na Gníomhaireachta ag fás agus táimid réidh chun leanúint ar aghaidh ag obair lenár gcomhpháirtithe agus lenár sainordú treisithe a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn.

Nina Gregori

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann



Clár an Ábhair

Réamhrá.....	5
Réamhrá.....	7
1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn.....	7
2. Mórforbairtí tearmainn san Aontas Eorpach	8
3. Aistriú EASO chuig EUAA.....	11
4. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn	11
I bhfócas 1: Córais tearmainn agus ghlactha a dhigitiú in 2021.....	12
I bhfócas 2: Tionchar phaindéim leanúnach COVID-19 ar chórais tearmainn agus ghlactha 12	
I bhfócas 3: Freagairtí ó thíortha AE+ do riachtanais chosanta nua náisiúnaigh na	
hAfganastáine.....	13
4.1. Rochtain ar an nós imeachta tearmainn	13
4.2. Córas Bhaile Átha Cliath	14
4.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas	15
4.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim	16
4.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde.....	18
4.6. Cásanna atá ar feitheamh.....	18
4.7. Glacadh le hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta.....	19
4.8. Coinneáil i rith an nós imeachta tearmainn	19
4.10. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil	21
4.11. Seirbhísí ateangaireachta.....	21
4.12. Faisnéis faoin tír thionscnaimh	22
4.13. Cás daoine gan stát sa chomhthéacs tearmainn.....	22
4.14. Inneachar cosanta	22
4.15. Filleadh iar-iarrthóirí.....	24
4.16. Athlonnú agus lígean isteach ar fhoras daonnúil	24
5. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn.....	25
Ráitis deiridh	27



Réamhrá

Mar fhoinsé faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach sa Tuarascáil Tearmainn bhliantúil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ar na príomhfhorbairtí maidir le tearmann i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, san Íoslainn, i Lichtinstéin, san Iorua agus san Eilvéis (tíortha AE+).

Ag tosú le forléargas gairid ar threochtaí agus ar na príomhábhair phlé a bhaineann leis an easáitiú éigeantach ar leibhéal domhanda, díritear sa tuarascáil ar chomhthéacs na hEorpa. Cuirtear príomhfhorbairtí i láthair ag leibhéal an Aontais agus ag leibhéal náisiúnta, lena gcumhdaítear gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Cuirtear cásdlí roghnaithe i láthair chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar mhúnlaigh na cúirteanna léirmhíniú na ndlíthe Eorpacha agus náisiúnta. Ina theannta sin, tarraingíonn sonraí staidrimh maidir le príomhtháscairí aird ar threochtaí i réimse an tearmainn in 2021.

Threisigh an brú ag teorainneacha seachtracha an Aontais in 2021 nuair a bhí an líon imirceach cothrom leis an líon imirceach a bhí ann roimh an bpaindéim, fiú amháin nuair a bhí bearta COVID-19 fós i bhfeidhm. Spreag an timpeallacht pholaitiúil líon mór imirceach ón Afganastáin, ón mBealarúis agus ón Úcráin ag tús 2022. Mar fhreagairt, chuaigh tíortha AE+ in oiriúint go tapa don líon imirceach trí phróiseas lóistín d'iaratas ar thearmann a éascú, áiteanna glactha a atheagrú agus úsáid a bhaint as ionaid d'imircigh le haghaidh céimeanna éagsúla den nós imeachta tearmainn.

1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn



Spreag imeachtaí in 2021 agus ag tús 2022 easáitiú na milliún duine, rud a chuir dlús leis na riachtanais a bhí ann cheana féin do réitigh chosanta ar fud an domhain. Ó tharla borradh a bheith tagtha ar chumhacht an Talaban san Afganastáin, tugadh timthriallta nua easáitithe faoi deara laistigh den tír agus thar teorainneacha, i réigiún ina raibh an t-easáitiú ag tarlú go coitianta cheana féin. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin iallach ar na milliún duine a dtithe a fhágáil agus tearmann a lorg i dtíortha comharsanacha. Agus lean daoine ag teitheadh ó na teophointí easáitithe atá bunaithe cheana féin i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Aetóip, i Mósaimbíc, i Maenmar, sa tSúdáin Theas, sa tSiria, sa tSaiheil, i Veiniséala agus in Éimin.

De réir meastachán atá curtha ar fáil ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), easáitíodh níos mó ná 84 milliún go héigeantach ar fud an domhain ó Mheitheamh 2021 ar aghaidh. Áirítear san fhigiúr sin 26.6 milliún dídeanaí faoi shainordú UNHCR, 4.4 milliún iarrthóir tearmainn, 48 milliún duine easáitithe ina dtír féin agus 3.9 milliún Veiniséalach easáitithe thar lear.

I mbliain ina ndearnadh comóradh ar 70 bliain ó bunaíodh an Coinbhinsiún maidir le Dídeanaithe 1951 mar ghné bhunúsach den dlí um chearta an duine, lean an pobal idirnáisiúnta lena iarrachtaí domhanda agus réigiúnacha chun réitigh a fhorbairt do dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu ar fud an domhain. Príomhthionscnamh atá bunaithe ar chomhar idir go leor páirtithe leasmhara é an Comhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe, a bhfuil sé mar aidhm leis réitigh inbhuanaithe a sholáthar chun déileáil le staid na ndídeanaithe. Faoi scáth an chreata sin, in 2021 leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain leis an méid seo a



leanas a dhéanamh: i) an brú ar thíortha óstacha a laghdú; ii) féintuilleamaí dídeanaithe a fheabhsú; iii) réitigh i dtríú tíortha a mhéadú; agus iv) tacú le coinníollacha i dtíortha tionscnaimh i ndáil le filleadh sábháilte agus le dínit iarrthóirí a ndiúltaítear cosaint a sholáthar dóibh.

Lean an dioscúrsa agus an obair ar chosaint idirnáisiúnta ag forbairt chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar ábhair ábhartha nach mór díriú orthu ar bhonn práinne. I measc na bpríomh-shaincheistanna a bhí fós lárnach i réimse an tearmainn in 2021, bhí:

- Aistriú ó bhearta a bunaíodh mar fhreagairt do phaindéim COVID-19 go modhanna oibre inbhuanaithe a gcuimsítear cleachtais nua agus claochluithe digiteacha iontu;
- Dlús a chur leis na hiarrachtaí teacht ar réitigh inbhuanaithe do dhaoine a bhfuil cosaint ag teastáil uathu;
- An t-easáitiú de bharr na haeráide a chur san áireamh ina iomláine agus freagairtí éifeachtacha a fhorbairt chun déileáil leis an éigeandáil aeráide atá ag dul i méid;
- Gnéithe inscne a phríomhshruthú tuilleadh chun riachtanais chosanta a thuiscint agus réitigh chosanta a chur ar fáil; agus
- Saincheistanna a bhaineann le cás daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn agus an idirghníomhaíocht idir cás daoine gan stát agus riachtanais chosanta.

2. Mórfhorbairtí tearmainn san Aontas Eorpach



In 2021, rinneadh dul chun cinn agus glacadh céimeanna tábhachtacha ag leibhéal teicniúil agus ag leibhéal polaitiúil chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, ach tá tuilleadh comhaontaithe pholaitiúil maidir le roinnt príomhghnéithe den chomhshocrú fós riachtanach. Ba gharsprioc thábhachtach é Rialachán (AE) 2021/2303 a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2022 chun Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhunú, a tháinig in ionad na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO), agus bhí sainordú níos leithne agus feabhsaithe ag EUAA.

Go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i gcomhthéacs na reachtaíochta a bhaineann leis an Treoir um Filleadh atá beartaithe, i mí Aibreáin 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach leis an gcéad Straitéis de chuid an Aontais maidir le Filleadh Deonach agus Ath-imeascadh, agus tacaíodh leis na bealaí sin mar chomhpháirteanna lárnacha de chomhchóras de chuid an Aontais a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le filleadh náisiúnach tríú tíortha.

Rinneadh dul chun cinn in 2021 i réimsí eile tearmainn freisin. I mí an Mheithimh 2021, chuir an Coimisiún Eorpach Straitéis Schengen i láthair, agus leanadh leis na hiarrachtaí a bhain le hidir-inoibritheacht córas mórsála TF i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Ó tharla gur gné riachtanach de chóras éifeachtach bainistithe imirce é imeascadh, cuireadh tús le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú in 2021.

Nuair a bhí an [Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha le haghaidh 2021 agus na Conclúidí Comhpháirteacha maidir le Cuspóirí Beartais agus Tosaíochtaí don tréimhse 2020-2024](#) á gcur i láthair i mí na Nollag 2020, dhearbhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa go bhfuil rún daingean acu teacht





ar chomhaontú faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar an imirce ar bhealach cuimsitheach agus go gcosnófar na teorainneacha seachtracha go héifeachtach.

In 2021, bhí níos mó brú ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, agus sháraigh an líon imirceach na leibhéil réamhphaindéime. Bhí an líon trasnuithe teorann neamhdhleathacha a braitheadh in 2021 díreach faoi bhun 200,000, an líon is mó ó 2017. Bunaithe ar an méid atá tuairiscithe ag Frontex, áfach, tugadh luaineacht faoi deara sa líon trasnuithe ar bhealaí imirce éagsúla, agus bhí méaduithe suntasacha le tabhairt faoi deara i gcásanna áirithe agus d'fhan na sreafaí réasúnta cobhsaí i dtíortha eile i gcomparáid le 2020.

Mar thoradh ar an suaitheadh polaitiúil inmheánach sa Bhealarúis agus eagrú smuigleáil imirceach státturaithe ag réimeas na Bealarúise, mhéadaigh an líon brath ar theorainneacha talún an oirthir níos mó ná deich n-uaire. Chuir trasnuithe teorann neamhrialta ón mBealarúis brú mór ar Bhallstáit túslíne, agus chuir an tAontas Eorpach tacaíocht airgeadais, oibríochtúil agus taidhleoireachta ar fáil go pras chun déileáil leis an ngéarchéim, lena n-áirítear Mear-Idirghabháil Teorann ó Frontex agus tacaíocht oibríochtúil ó EUAA.

I mí na Samhna 2021, sholáthair an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála forléargas ar na bearta a rinneadh mar fhreagairt don staid ag teorainneacha an oirthir. Díriodh ar an gcaoi a bhféadfaí an creat maidir leis an imirce atá ann faoi láthair a oiriúnú chun bosca uirlisí níos buaine a chur ar fáil chun déileáil le hiarrachtaí chun an tAontas a dhíchobhsú trí ionstraimiú státturaithe imirceach agus dídeanaithe, agus rochtain ar chríoch, dálaí glactha leordhóthanacha agus athbhreithniú neamhchlaonta ar éilimh ar thearmann a áirithiú ag an am céanna. Is éard atá sa bhosca uirlisí meascán de ghníomhaíochtaí, lasmuigh den Aontas agus laistigh den Aontas agus ag na teorainneacha araon.

Seachas tacú leis na Ballstáit ag teorainneacha an oirthir, lean an tAontas ag cabhrú le Ballstáit túslíne eile trí athshocruithe deonacha chuig Ballstáit eile a éascú agus a chomhordú agus trí thacaíocht airgeadais agus oibríochtúil a chur ar fáil don acmhainn ghlactha, do dhálaí maireachtála agus do chúram leighis do dhídeanaithe agus d'imircigh; dlús a chur le nósanna imeachta tearmainn; an líon fillteacha a mhéadú; agus cosaint teorann a fheabhsú.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, lorg na milliúin duine easáitithe tearmann san Aontas tríd an Ungáir, tríd an bPolainn, tríd an Rómáin agus tríd an tSlóvaic. D'éirigh leis na tíortha sin freagairt go tapa trína dteorainneacha a oscailt agus cead a thabhairt dul isteach ina gcríoch. Fianaise ar thiomantas an Aontais dlúthpháirtíocht iomlán a léiriú don Úcráin, ba ea gur ghníomhaigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile, ar an 4 Márta 2022, de réir an togra ón gCoimisiún Eorpach agus gur glacadh d'aontoil le cinneadh cur chun feidhme sásra cosanta sealadach a bhunú mar fhreagairt don mhórphlódú de dhaoine easáitithe. Rinneadh foráil sa chinneadh freisin d'fhorbairt Ardán Dlúthpháirtíochta, á chomhordú ag an gCoimisiún Eorpach, trína malartaíonn na Ballstáit faisnéis maidir lena n-acmhainneachtaí glactha agus an líon daoine a fhaigheann cosaint shealadach ina gcríocha. D'oibrigh EUAA go gníomhach in 2022 chun malartú faisnéise faoi chlárúcháin le haghaidh cosaint shealadach a éascú i measc thíortha AE+.

Thug an Líonra AE um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce faoin gcomhar riaracháin idir na Ballstáit, agus gníomhachtaíodh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta chun freastal ar riachtanais na ndaoine easáitithe ón Úcráin agus fuarthas cómhaoiniú chun an cúnamh sin a sholáthar. Sholáthair gníomhaireachtaí AE, lena n-áirítear Frontex, EUAA agus Europol, tacaíocht oibríochtúil do Bhallstáit a d'iarr cúnamh gan mhoill. Glacadh le go leor tosca i bhfreagairt an AE mar dhea-chleachtais ar cheart iad a chur chun feidhme i rith aon ghéarchéime amach anseo.





I rith 2021, lean an tAontas lena chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a théann chun tairbhe don dá thaobh. Dhéileáil gníomhaíochtaí faoi ghné sheachtrach bheartas imirce agus tearmainn an Aontais le cúiseanna bunúsacha na himirce neamhrialta; líonraí smuigleála a chomhrac; comhar le tríú tíortha maidir le fillteacha agus athlígí isteach; oibriú le tíortha comhpháirtíochta chun teorainneacha a bhainistiú; agus tacaíocht a sholáthar do réitigh chosanta i gcodanna eile den domhan.

Ina theannta sin, leagadh béim ar leith ar riachtanais chosanta athnuaite náisiúnach Afganastánach i ndiaidh borradh a thabhairt faoi deara i gcumhacht an Talaban. Ó tharla tús áite a bheith á thabhairt ag an AE don Afganastáin agus gurb í an Afganastáin an tairbhí is mó de chúnamh um fhorbairt ó 2002 i leith, d'oibrigh an AE chun freagairt aonfhoirmeach a sholáthar don ghéarchéim. I mí Lúnasa 2021, ghlac Airí Gnóthaí Baile an Aontais, i dteannta le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó Frontex, ó Europol, ó EUAA agus ó Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh, le ráiteas comhpháirteach a dtarraingítear aird ann ar aslonnú shaoránaigh an Aontais agus, a mhéid is féidir, náisiúnach Afganastánach a chomhoibriú leis an Aontas agus lena Bhallstáit agus lena dteaghlach ar bhonn tosaíochta.

Fógraíodh Pacáiste Tacaíochta ar fiú EUR 1 bhilliún é don Afganastáin i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus cuireadh tacaíocht dhaonnúil spriocdhírthe ar fáil chun tacú le bunriachtanais mhuintir na hAfganastáine, a chuirfear ar fáil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ar an talamh agus do thíortha comharsanacha. Is é an tAontas atá ag feidhmiú mar chathaoirleach ar Chroíghrúpa na [Straitéise Réitigh le haghaidh Ardán Tacaíochta do Dhídeanaithe Afganastánacha](#), a neartaíonn an fhreagairt idirnáisiúnta don staid san Afganastáin agus a spreagann gealltanais pholaitiúla, airgeadais agus ábhartha.

Bhunaigh an tAontas sásra tiomnaithe chun tacú le haslonnú níos mó ná 17,500 duine ó Chabúl, lena n-áirítear tuairim is 4,100 náisiúnach de chuid an Aontais agus 13,400 náisiúnach de chuid na hAfganastáine. D'aslonnaigh Ballstáit de AE 22,000 Afganastánach ar fad.

Ina ról chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí AE a áirithiú, d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) breis agus 20 breithiúnas agus ordú. Iarradh air forálacha éagsúla de CET a léirmhíniú, lena gcumhdaítear ábhair a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- rochtain éifeachtach ar an nós imeachta tearmainn;
- córas Bhaile Átha Cliath;
- iarratais ina dhiaidh sin;
- léirmhíniú choincheap na cosanta stáit;
- an measúnú ar chosaint a sholáthair Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirtheor (UNRWA);
- léirmhíniú choincheap an fhoréigin neamh-idirdhealaithe chun cosaint choimhdeach a sholáthar;
- úsáid coinneála;
- síneadh a chur le stádas cosanta mar cheart díorthaithe (bunaithe ar stádas cosanta tairbhí eile);
- prionsabal na córa comhionainne; agus
- fillleadh iarrthóirí tearmainn diúltaithe.




3. Aistriú EASO chuig EUAA



Tar éis 10 mbliana a chaitheamh i mbun oibre, athraíodh EASO go dtí EUAA trí [Rialachán \(AE\) 2021/2303 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann](#) a bhunú a tháinig i bhfeidhm an 19 Eanáir 2022. Anois is féidir leis an nGníomhaireacht níos mó tacaíochta oibríochtúla agus teicniúla a thairiscint chun éifeachtúlacht na gcóras tearmainn a mhéadú; soláthar cúnamh arna iarraidh ag na Ballstáit a fheabhsú agus a luathú; caighdeán oibríochtúla, táscairí agus treoirlínte praiticiúla a fhorbairt tuilleadh chun bonn eolais a sholáthar do chinnteoireacht aonfhoirmeach, ardchaighdeán i gcásanna tearmainn; faireachán agus tuairisciú níos fearr a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha; cur le fothú acmhainneachta i dtíortha neamh-AE; agus tacú le tíortha EU+ le scéimeanna athlonnaithe.

Príomhréimse oibre do EUAA é cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit sin atá ag déileáil le brú díréireach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. Ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh, tá tacaíocht dhíreach ón nGníomhaireacht á fáil ag 10 mBallstát trí phleananna bliantúla nó ilbhliantúla: an Bheilg, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Rómáin agus an Spáinn. Clúdaíodh sa tacaíocht oibríochtúil a tugadh do na córais náisiúnta tearmainn agus ghlactha in 2021 raon gníomhaíochtaí a cuireadh in oiriúint don chomhthéacs sonrach agus do na riachtanais shonracha i ngach tír, lena n-áirítear tacú le hacmhainneacht agus cáilíocht na ndálaí glactha a mhéadú, iarratais a chlárú agus a phróiseáil ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, tacú le hathshocruithe agus cáilíocht agus caighdeánú chóras Bhaile Átha Cliath a mhéadú.

Rinneadh meastóireacht ex post chothrománach ag tús 2022 chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme thacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta chun bonn eolais a sholáthar do chinnteoireacht agus chun an creat tacaíochta oibríochtúla foriomlán a fheabhsú. Ar an iomlán, cinneadh sa mheastóireacht sheachtrach go raibh tacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta, i rith 2021, an-ábhartha do riachtanais na mBallstát agus sách solúbtha chun dul in oiriúint do chomhthéacsanna atá ag athrú go tapa.





4. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn

Bhí tionchar ag príomhfhorbairtí a rinneadh in 2021 ar reachtaíocht, beartais agus cleachtais náisiúnta i réimse an tearmainn i dtíortha AE+. I measc na dtrí théama chothrománacha a raibh tionchar acu ar fhormhór na gcéimeanna den nós imeachta tearmainn, bhí digitiú na gcóras tearmainn, tionchar phaindéim leanúnach COVID-19 agus riachtanais chosanta nua náisiúnaigh na hAfganastáine i ndiaidh forbairtí san Afganastáin.



I bhfócas 1: Córais tearmainn agus ghlactha a dhigitiú in 2021

Lean údaráis náisiúnta tearmainn agus ghlactha i dtíortha AE+ le próisis a dhigitiú. Spreag paindéim COVID-19 riachtanas le haghaidh réiteach teicneolaíoch chun leanúnachas gnó a áirithiú tráth a raibh srianta gluaiseachta i bhfeidhm mar aon le bearta scaradh sóisialta. Ag leibhéil dhifriúla agus bunaithe ar chomhthéacsanna náisiúnta, bunaíodh nuálaíochtaí digiteacha chun féinchlárú iarratas a éascú; cianagallaimh; soláthar faisnéise; léirmhíniú; bailiú faisnéis faoin tír thionscnaimh (COL); oiliúint; córais bainistíochta faisnéise agus cumarsáid in údaráis; agus simpliú sreafaí oibre.

Is dócha go gcuirfear próisis dhigitithe in oiriúint bunaithe ar threoir ó chúirteanna idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta. Ainneoin gur féidir teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme go tapa, ní mór d'údaráis náisiúnta a bheith cúramach toisc go léirítear i rialuithe cúirte gur gá dianscrúdú leanúnach a dhéanamh ar chomhoiriúnacht nuálaíochtaí digiteacha le cearta bunúsacha agus treoirlínte maidir le cosaint sonraí pearsanta.



I bhfócas 2: Tionchar phaindéim leanúnach COVID-19 ar chórais tearmainn agus ghlactha

Ó thosaigh an ráig in 2020, tá tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 agus ag na srianta gaolmhara ar chórais tearmainn agus ghlactha ar fud an domhain. Bhain tíortha AE+ leas as modhanna éagsúla chun rochtain ar chosaint a áirithiú agus iarratais nua agus iarratais ar feitheamh a phróiseáil go héifeachtúil tráth a raibh bearta sláinte poiblí i bhfeidhm a raibh sé mar aidhm leo srian a chur le hionfhabhtú. Bhí ról lárnach ag rochtain ar vacsaíní COVID-19 agus rolladh amach na bhfeachtas náisiúnta ionaclaithe ar theorainn a chur leis an líon ionfhabhtuithe.

Mar thoradh ar rolladh amach vacsaíní de réir a chéile, maolaíodh srianta COVID-19 ach leanadh ar aghaidh le go leor de na socruithe a tugadh isteach chun an paindéim a mhaolú i rith 2021. Áiríodh i measc na gcleachtas seo: úsáid a bhaint as táirgí dífhabhtúcháin, scaradh, bacainní pleicseaghloine agus aghaidhmhaisc; seirbhísí a sholáthar ag uaireanta agaithe agus trí mhódúlachtaí cianda; teorainneacha ar an líon daoine a bhí i láthair ag áitreabh údarás ag an am céanna; scagthástálacha sláinte rialta agus mearthástáil; bearta coraintín; agus uasrátaí áitíochta glactha athbhreithnithe. Cuireadh tús an athuair le gníomhaíochtaí athlonnaithe, agus baineadh úsáid as módúlachtaí measctha arís, lena n-áirítear misin roghnúcháin cianda bunaithe ar shainchomhaid, treoshuíomhanna réamhimeachta ar líne agus seiceálacha sláinte breise i socruithe taistil.





I bhfócas 3: Freagairtí ó thíortha AE+ do riachtanais chosanta nua náisiúnaigh na hAfganastáine

Chruthaigh meath na staide slándála agus chearta an duine san Afganastáin in 2021, sruthanna easáitithe don daonra i gcoitinne, chomh maith le rioscaí méadaithe do ghrúpaí ar leith. Bhí breithniúchán láithreach chun rochtain thapa ar shábháilteacht a sholáthar, agus d'eagraigh tíortha AE+ aslonnú tapa agus d'oiriúnaigh siad próiseáil iarratas a fuair siad ó Afganastánaigh. Bhí feachtais faisnéise tiomnaithe dírithe ar fhaisnéis a chur ar fáil do náisiúnaigh Afganastánacha maidir le nithe a bhaineann le tearmann.

Mar gheall ar luaineacht sa tír thionscnaimh agus an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh (COI) atá cothrom le dáta, chuir go leor tíortha AE+ próiseáil iarratas Afganastánach ar fionraí ag an gcéad chás agus ag an dara cás araon, ach amháin sna cásanna sin lenar bhain riachtanais chosanta. Rinneadh iarrachtaí freisin teaghlaiigh Afganastánacha a thabhairt le chéile, agus rinneadh socruithe speisialta chun dálaí glactha ábhartha a sholáthar agus aslonnaithe Afganastánacha a imeascadh. Is saincheisteanna iad an líon mór cásanna ar feitheamh a bhaineann le náisiúnaigh Afganastánacha, chomh maith le stádas na ndaoine sin nach bhfuil cáilithe le haghaidh cosanta ach nach féidir iad a fhilleadh, a gcaithfear dul i ngleic leo agus a éilíonn cuir chuige chuiditheacha agus réalaíocha ó thíortha AE+.

4.1. Rochtain ar an nós imeachta tearmainn

Threisigh an brú ar theorainneacha seachtracha an Aontais in 2021 de bhrí go raibh an líon imirceach cosúil le leibhéil réamhphaindéime. Mhéadaigh an líon trasnuithe teorann neamhdhleathacha, agus b'éigean do thíortha AE+ líon mór imirceach a tháinig go tobann a bhainistiú mar aon leis an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta atá ag méadú de shíor.

In 2021, fuair tíortha AE+ tuairim is 648,000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, arb ionann é agus méadú aon trian i gcomparáid le 2020 agus líon iarratas atá cothrom leis an líon iarratas a fuarthas in 2018. Sa chéad cúpla mí de 2021, bhí leibhéal na n-iarratas a fuarthas réasúnta cobhsaí. Ach thart ar leath bealaigh tríd an mbliain, méadaigh an líon iarratas agus tugadh méadú ar an líon iarratas faoi deara i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna 2021.


Tugadh na méaduithe faoi deara mar gheall ar líon mór iarratas a bheith á fháil ó Afganastánaigh agus Siriaigh, lena n-áirítear go leor ath-iarratas ó Afganastánaigh. Ba iad Siriaigh an grúpa iarrthóirí ba mhó in 2021, grúpa a thaisc thart ar 117,000 iarratas i dtíortha AE+, agus fuarthas 102,000 iarratas ó Afganastánaigh. I ndiaidh an dá shaoránacht sin, bhí náisiúnaigh na hIaráice (30,000 iarratas), na Pacastáine agus na Tuirce (25,000 ó gach tír) agus na Banglaidéise (20,000).

Maidir leis na tíortha glactha, fuair an Ghearmáin an líon is mó iarratas ar thearmann (191,000), agus ina dhiaidh sin ar an liosta tá an Fhrainc (121,000), an Spáinn (65,000) agus an Iodáil (53,000).

Cé go raibh srianta a bhaineann le COVID-19 agus ceanglais choraintín fós i bhfeidhm, d'fhreagair tíortha AE+ don mhéadú ar an líon imirceach trí phróisis a oiriúnú chun déanamh, clárú agus taisceadh iarratas a éascú. D'athchóirigh roinnt tíortha áiteanna glactha agus d'atheagraigh siad nósanna imeachta céadchéime. Lean tíortha eile le hionaid tosaigh nó imirceach a bhunú áit a n-oibríonn údaráis tearmainn agus ghlactha le chéile.



Fíor 1. Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe ar an tír ghlactha AE+, 2021



Foinse: Eurostat [[migr_asyappctza](#)] amhail ar an 22 Aibreán 2022.

Mar sin féin, tuairiscíodh roinnt teagmhas ag teorainneacha seachtracha an AE áit nár cuireadh forálacha an Aontais i bhfeidhm go tráthúil agus áit ar cuireadh moill ar rochtain éifeachtach ar an nós imeachta tearmainn nó gur diúltaíodh rochtain ar an nós imeachta tearmainn. Rinne CBAE, an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) agus na cúirteanna náisiúnta grinnscrúdú ar bheartais agus ar chleachtais thíortha AE+, agus d'athdhearbhaigh siad a thábhachtaí atá sé prionsabal an *non-refoulement* a urramú.

4.2. Córas Bhaile Átha Cliath



Bhí tionchar díreach leanúnach ag bearta COVID-19 ar chéimeanna éagsúla de chóras Bhaile Átha Cliath. Cé gur mhéadaigh an líon iarrthóirí faoi chóras Bhaile Átha Cliath i rith 2021, lean údarais náisiúnta ar aghaidh ag déileáil le dúshlán a bhain le haistrithe a chur chun feidhme, agus ba iad ceanglais tástála COVID-19 agus an easpa eitiltí a bhí ar fáil na bacainní ba choitianta. Mar thoradh air sin, bhí an líon aistrithe a cuireadh chun feidhme i bhfad níos ísle ná mar a bhí roimh an bpaindéim.

Le linn na paindéime, b'éigean d'údarais agus do chúirteanna náisiúnta déileáil le cásanna casta Bhaile Átha Cliath a d'éiligh níos mó teorach agus soiléirithe. Fuair CBAE líon mór iarrataí ar réamhrialuithe maidir le gnéithe éagsúla de Rialachán Bhaile Átha Cliath III: cur i bhfeidhm na gcritéar lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach, leigheasanna, teorainneacha ama le haghaidh aistrithe agus an nasc le reachtaíocht eile de chuid an AE atá lasmuigh d'ionstraimí dlí CET.

De réir sonraí sealadacha a mhalartaítear go rialta idir EUAA agus 29 tír AE+, eisíodh 114,300 cinneadh in 2021 mar fhreagairt d'iarrataí amach Bhaile Átha Cliath. B'ionann é sin agus méadú aon chúigiú i gcomparáid le 2020, ach fós féin bhí an líon iomlán bliantúil faoi bhun na leibhéal réamhphaindéime. Bhí an méadú ar chinntí de réir líon níos mó iarratas ar thearmann a bheith á dtaisceadh i dtíortha AE+ thart ar an am céanna.





Ag leibhéal na tíre, lean an Ghearmáin agus an Fhrainc leis an líon is mó cinntí a fháil mar fhreagra ar a n-iarrataí, agus ba leis an nGearmáin agus leis an bhFrainc a bhain breis is trí chúigiú den líon iomlán iarrataí AE+. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, d'eisigh an lodáil an chuid is mó de na cinntí a bhain le hiarrataí Bhaile Átha Cliath, agus ba í an Ghearmáin agus an Ghréig a bhí sa dara agus tríú háit.

In 2021, ba é 54% (2 phointe céatadáin níos ísle ná 2020) an ráta glactha le haghaidh cinntí mar fhreagairt d'iarrataí Bhaile Átha Cliath, lena dtomhaistear cion na gcinntí lena nglactar le freagracht (go sainráite nó go hintuigthe) as an líon iarratas ar eisíodh cinntí lena n-aghaidh, fianaise ar laghdú leanúnach ag leibhéal AE+ don cheathrú bliain as a chéile.

Chomh fada is a bhaineann leis na haistrithe a cuireadh chun feidhme, mar thoradh ar bhearta éigeandála a bhain le COVID-19, laghdaigh aistrithe Bhaile Átha Cliath go leibhéil an-íseal don dara bliain as a chéile: ar an iomlán, cuireadh thart ar 13,500 aistriú chun feidhme in 2021, figiúr a bhí cosúil le figiúr 2020, ach figiúr a bhí cothrom le leath an líon iarratas a fuarthas in 2019.

Agraíodh Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III thart ar 3,900 uair in 2021, figiúr arb ionann é agus laghdú don tríú bliain as a chéile go dtí na leibhéil is ísle ó 2015. Is clásal lánroghnach é Airteagal 17(1), a cheadaíonn do Bhallstát scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, fiú mura bhfuil sé freagrach as scrúdú den sórt sin faoi na critéir atá leagtha síos sa rialachán.

4.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas



Nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéad chéim, féadfaidh Ballstáit, faoi dhálaí áirithe, úsáid a bhaint as nósanna imeachta speisialta – amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta teorann nó nósanna imeachta tosaíochta – fad is atáthar ag cloí leis na prionsabail agus ráthaíochtaí bunúsacha atá sonraithe i ndlí an Aontais.

In 2021, bhunaigh roinnt tíortha AE+ cleachtais nua, forálacha reachtacha nó leasuithe molta chun an nós imeachta teorann a shimpliú tuilleadh, chun na teorainneacha ama a oiriúnú nó chun próiseáil cásanna a dhigitiú. Rinne cúirteanna náisiúnta measúnú ar fhorálacha reachtacha agus ar athruithe ar an nós imeachta teorann, agus ar choinneáil iarrthóirí tearmainn ag an teorainn, chun a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad i gcomhréir le cearta bunúsacha na n-iarrthóirí tearmainn. Thug eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi thionscadail taighde chun bealaí nua a fhiosrú chun rochtain ar chosaint ag an teorainn a éascú trí chleachtais sholúbtha agus inbhuanaithe.

D'athbhreithnigh agus nuashonraigh tíortha AE+ a liostaí de thíortha tionscnaimh sábháilte, agus rinne na cúirteanna náisiúnta measúnú ar chur i bhfeidhm an choincheapa sin i roinnt cásanna. Ar ndóigh, treocht choitianta ba ea an Úcráin a bhaint de liosta na dtíortha tionscnaimh sábháilte. Chomh maith leis sin, rinne na cúirteanna náisiúnta grinnscrúdú ar chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte, agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú aonair roimh iarrthóirí a sheoladh ar ais chuig tríú tíortha.

In 2021, chuir tíortha AE+ leasuithe i bhfeidhm ar an nós imeachta brostaithe freisin trína chumhdach a leathnú agus catagóirí áirithe iarrthóirí a chur san áireamh nó na teorainneacha ama a athrú.





Trí athruithe reachtacha agus beartais agus bunaithe ar bhreithiúnais chúirte, shoiléirigh údarais i roinnt mhaith tíortha AE+ na critéir maidir le nósanna imeachta inghlacthachta agus cur i bhfeidhm na nósanna imeachta sin agus athiarratais nó iarratais a rinneadh ina dhiaidh sin. Ar an iomlán, in 2021, athiarratais ba ea thart ar 14% nó 89,000 de na hiarratais uile a taisceadh sa tír AE+ chéanna, an líon is mó ó 2008. Is ionann é sin agus méadú níos mó ná 50% i gcomparáid le 2020, tráth a ndearnadh 57,000 athiarratas.

Ábhar ar leanadh le haird a tharraingt air in 2021 ba ea tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta a bheith ag athdhéanamh iarratais ar thearmann i dtír AE+ eile (ar a dtugtar gluaiseacht thánaisteach tairbhíthe). Tá méadú tagtha ar an gcineál seo gluaiseachta neamhúdaráithe i roinnt tíortha AE+ le blianta beaga anuas. Áirítear anseo daoine ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dóibh i dtír AE+, a fuair doiciméid taistil go dleathach, agus a thaistil chuig tír AE+ eile ansin chun iarratas tearmainn a dhéanamh arís, rud a chuireann leis an líon cásanna sna córais tearmainn náisiúnta. Cé go gciallaíonn an ganntanas sonraí cuimsitheacha go bhfuil sé deacair raon feidhme na treochta seo a thuiscint go hiomlán, tugann dlí-eolaíocht atá ag dul i méid le fios go bhfuil an tarlú seo ag éirí níos suntasaí.

Ceann de chuspóirí Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an Choimisiúin Eorpaigh déileáil leis seo, mar shampla, trí chead a thabhairt tairbhíthe aitheanta a aistriú faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce atá beartaithe nó trí rianú níos fearr a dhéanamh ar an gcineál seo gluaiseachta tánaistí faoin togra leasaithe lena leasaítear Rialachán Eurodac. Ar feitheamh glacadh leis na tograí sin, tá cuir chuige éagsúla glactha ag tíortha AE+, go minic trí thosaíocht a thabhairt do na hiarratais bhreise agus diúltú dóibh go tapa, trí dhálaí glactha modhnaithe, níos déine d'iarrthóirí nó trí thoirmisc taistil a bhunú. I roinnt cásanna eisceachtúla, deonaíonn údarais náisiúnta cosaint idirnáisiúnta tar éis scrúdú aonair a dhéanamh ar fhíorais shonracha cáis.

4.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim



I rith an dara bliain de phaindéim COVID-19 agus de bhearta gaolmhara sláinte, lean tíortha AE+ le cianagallaimh a eagrú le hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus chuir siad an t-agallamh tosaigh ar athló d'iarrthóirí a raibh siomptóim d'ionfhabhtú COVID-19 orthu. Go ginearálta, níor glacadh le nósanna imeachta cianda mar nósanna imeachta eisceachtúla níos mó ach mar ghnáthnósanna imeachta nua. Chaith tíortha AE+ dua le forbairtí beartais fadtéarmacha, cáilíocht na gcinntí céadchéime a fheabhsú, anailís a dhéanamh ar chosaint sonraí agus ar bhreithnithe príobháideachais, agus treoirínthe a fhoilsiú le haghaidh próifílí áirithe iarrthóirí ó thíortha tionscnaimh ar leith ina raibh athrú leanúnach ag teacht ar an gcás in 2021.


Thosaigh roinnt tíortha ag atheagrú a gcuid seirbhísí tearmainn agus glactha nó chríochnaigh siad athstruchtúrú a n-údarás céadchéime agus é mar aidhm acu soiléiriú a dhéanamh ar na cúraimí agus ar roinnt na n-inniúlachtaí idir a n-oifigí agus aireachtaí éagsúla eile. Tionscnaíodh tograí reachtacha agus tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm in 2021 chun dlíthe náisiúnta a ailíniú ar bhealach níos fearr le forálacha CET, chun forbairtí teicneolaíochta nua a réamh-mheas nó chun éifeachtúlacht an nós imeachta tearmainn a fheabhsú i rith éigeandálaí.

In 2021, d'eisigh údarais tearmainn AE+ thart ar 535,000 cinneadh céadchéime, beagán níos mó ná 2020 ach mórán mar an gcéanna leis na leibhéil réamhphaindéime. Mar thoradh ar an méadú seasta atá tagtha ar an líon iarratas, faoi dheireadh 2021 bhí 113,000 níos mó iarratas taiscthe i dtíortha AE+ i gcomparáid le cinntí céadchéime. Dá bhrí sin, tar éis aisiompaithe in 2020, le haghaidh tréimhse ghearr, sháraigh an líon iarratas an líon cinntí arís in 2021.



Próifíl na n-iarrthóirí tearmainn ag teacht isteach i dtíortha AE+

In 2021, **fir** ba ea formhór na n-iarrthóirí tearmainn i dtíortha AE+, **70%** de na hiarrthóirí tearmainn in 2021



Ba náisiúnaigh ón **tSiria** agus ón **Afganastáin** a bhí sna grúpaí iarrthóirí is mó, náisiúnaigh a thaisc an líon is mó iarratas ar thearmann ó thosaigh géarchéim na ndéanaithe in 2015-2016.



Bhain breis agus **2/3 de na cinntí maidir le hiarratais chéadchéime le hiarrthóirí fireanna**



Deonaíodh cosaint idirnáisiúnta do 31% de na fir agus buachaillí seo, i gcomparáid le 41% de mhná agus cailíní



Foinse: Sonraí ó Eurostat amhail ar an 22 Aibreán 2022.

#TuarascáilTearmainn2022

<https://euaa.europa.eu/asylum-report-2022>



D'eisigh trí thír AE+, i gcomhpháirt le chéile, díreach faoi bhun dhá thrian de na cinntí céadchéime ar fad: an Fhrainc (26%), an Ghearmáin (25%) agus an Spáinn (13%). D'eisigh an Iodáil agus an Ghréig, go cianda, 8% agus 7% de na cinntí ar fad, faoi seach. Eisíodh formhór na gcinntí céadchéime i dtíortha AE+ do náisiúnaigh ón tSiria, ón Afganastáin, ón bPacastáin agus ón gColóim.

Tarraingíodh siar thart ar 69,000 iarratas i dtíortha AE+, an líon is mó iarratas ó 2017. I gcomparáid le 2020, bhí sé seo cothrom le méadú 46%. B'ionann an líon iarratas a tarraingíodh siar in 2021 agus 11% den líon iarratas a taisceadh.

Ba iad náisiúnaigh Afganastánacha a tharraing siar aon cheathrú de na hiarratais, céatadán arb ionann é agus 18,000 iarratas in 2021 i gcomparáid le 5,000 iarratas in 2020. Rinne náisiúnaigh na Siria, na Pacastáine, na Tuirce, na hIaráice, na Banglaidéise agus na Túinéise (in ord íslitheach) líon mór iarratas a tharraingt siar freisin.

Bhí dhá thrian de na hiarratais ar fad a tarraingíodh siar intuigthe, rud a chiallaíonn go raibh an t-iarrthóir tar éis éalú agus an nós imeachta a thréigean. D'fhéadfadh aistarraingtí intuigthe feidhmiú mar athróg ionadach de thús a bheith á chur le gluaiseachtaí tánaisteacha i dtreo tíortha AE+ eile. I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, léiríonn figiúirí in 2021 patrún de ghluaiseachtaí tánaisteacha ó tíortha feadh bhealach na mBalcán agus ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

4.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde



In 2021, bhí forbairtí ag an dara cás nó ag cásanna níos airde dírithe ar na cúirteanna a atheagrú agus athruithe ar an nós imeachta achomhairc a chur chun feidhme, teorainneacha ama chun achomharc a dhéanamh agus éifeacht fionraíochta uathoibríoch achomharc, mar shampla. Bunaíodh réitigh nua ionas gur féidir doiciméid a thaisceadh go cianda, éisteachtaí cúirte cianda a eagrú agus cumarsáid leictreonach a úsáid idir údarais chéadchéime agus cúirteanna.

Rinneadh socruithe speisialta chun próifíl áirithe iarrthóirí a phróiseáil ag an gcéim achomhairc, amhail do náisiúnaigh ón Afganastáin, ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus ón Aetóip. Ar deireadh, shoiléirigh cúirteanna bunreachtúla agus uachtaracha i roinnt tíortha AE+ gnéithe áirithe a dhéanann difear don cheart chun leighis éifeachtaigh.

4.6. Cásanna atá ar feitheamh



Ag deireadh 2021, bhí os cionn 767,000 iarratas ag feitheamh ar chinneadh i dtíortha AE+, cosúil leis an mblain roimhe seo, ach amháin gur tugadh laghdú beag de 1% faoi deara. Sna míonna tosaigh de 2021, tháinig laghdú de réir a chéile ar stoc na gcásanna a bhí ar feitheamh, ach ó mhí Lúnasa 2021 ar aghaidh, mhéadaigh an líon cásanna go tapa agus in imeacht cúpla mí bhí an leibhéal cosúil leis an leibhéal a tugadh faoi deara ag deireadh 2020. Dá bhrí sin, bhí stoc na gcásanna atá ar feitheamh fós níos airde ná an leibhéal réamh-ghéarchéime in 2014, rud a chuir brú ar na córais ghlactha náisiúnta.

Bhí thart ar aon trian (34%) de na cásanna uile a bhí ar feitheamh fós ag feitheamh ar chinneadh sa Ghearmáin, agus bhí 264,000 comhad ar fad oscailte. I measc na dtíortha AE+ eile ina raibh líon suntasach cásanna ar feitheamh bhí an Fhrainc (145,000), an Spáinn (104,000), an Iodáil (52,000) agus an Ghréig (38,000).





Ní hamháin gur lean Afganastánaigh (103,000) agus Siriaigh (96,000) leis an líon is mó cásanna a bhí ar feitheamh i dtíortha AE+ a bheith acu ag deireadh 2021, ach mhéadaigh an líon cásanna, 10% agus 38%, faoi seach, i gcomparáid le 2020.

4.7. Glacadh le hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta



Bhí tús áite fós á thabhairt d'atheagrú agus d'oiriúnú na gcóras glactha i straitéisí náisiúnta ar mhaithe le freagairt tapa agus oiriúnacha ar athruithe ar shreafaí imirce a áirithiú. In 2021, rinne údaráis ghlactha níos mó teagmhála le húdaráis áitiúla ar mhaithe le cur ar a gcumas déileáil i dteannta a chéile le cuid de na dúshláin a bhaineann le glacadh le hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Níosann imeachta glactha atá dírithe ar shreafaí oibre a shimpliú a dhigitiú.

Ainneoin na n-iarrachtaí sin agus de bhrí gur tugadh méadú suntasach ar an líon iarrthóirí faoi deara in 2021, bhí córais ghlactha in go leor tíortha AE+ faoi bhrú. I roinnt cásanna, ba é an toradh a bhí air sin rátaí arda áitíochta i saoráidí agus b'éigean seirbhísí a oiriúnú go tapa chun freagairt do riachtanais na n-iarrthóirí ar fad.

I dtíortha ina raibh an brú ar chórais ghlactha ag méadú cheana féin roimh phaindéim COVID-19, bhí na himircigh nua mar bhonn leis an gcóras a chur faoi níos mó brú fós. Sna cásanna sin, d'fhreagair údaráis ghlactha trí áiteanna nua, sealadacha de ghnáth, a oscailt, agus ag an am céanna scrúdú a dhéanamh ar réitigh struchtúracha níos fadtéarmaí, amhail níos mó áiteanna cóiríochta buaine a chruthú agus cabhrú le tairbhíthe aitheanta de chosaint idirnáisiúnta saoráidí glactha a fhágáil níos tapúla.

Lean comhthéacs COVID-19 ag cur leis na dúshláin atá ann cheana féin agus le dúshláin nua, toisc gur éiligh ceanglais a bhaineann le scaradh fisiciúil, coraintín agus leithlisiú níos mó spáis. Dhéileáil an fhoireann ghlactha le cásanna inar tuairiscíodh ionfhabhtuithe, agus bhí ról gníomhach acu i vacsaín COVID-19 a rolladh amach d'iarrthóirí i rith 2021. De réir mar a cuireadh tús le srianta COVID-19 a mhaolú, mhéadaigh an líon gníomhaíochtaí tacaíochta i saoráidí glactha in 2021.

Ba chúis mhór imní i gcónaí í cáilíocht an ghlactha in a lán tíortha AE+, toisc go raibh UNHCR agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag tuairisciú i gcónaí ar chóiríocht agus ar thacaíocht faoi bhun caighdeáin. Ina theannta sin, iarradh ar na cúirteanna plé a dhéanamh ar leordhóthanacht na ndálaí glactha i roinnt tíortha AE+ faoi chreat Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

4.8. Coinneáil i rith an nóis imeachta tearmainn



In 2021, rinne eagraíochtaí faireacháin agus breithiúnacha idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta grinnscrúdú ar easnaimh i gcleachtais agus i ndálaí coinneála, go háirithe i gcás iarrthóirí leochaileacha, amhail Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta (CAT), Coiste Chomhairle na hEorpa um Chéastóireacht a Chosc (CPT), Ombudsman náisiúnta, ECHR agus na cúirteanna náisiúnta, chomh maith le UNHCR agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Lena chois sin, leanadh le heasnaimh shistéamacha agus coinneáil agus srianta treallacha a úsáid i rith mórphlódú isteach náisiúnach tríú tír a thuairisciú.



Acmhainn ghlactha chun freastal ar iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta

De bhrí gur tháinig méadú suntasach ar an líon iarrthóirí tearmainn in 2021, bhí straitéisí náisiúnta dírithe ar chórais ghlactha a atheagrú agus a oiriúnú. Chuir tíortha AE+ bearta éagsúla chun feidhme chun an brú ar chórais sáithithe a mhaolú, amhail:



#TuarascáilTearmainn2022

<https://euaa.europa.eu/asylum-report-2022>



D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ag coinneáil ar an nós imeachta tearmainn chomh fada is a bhaineann le nós imeachta, faisnéis a sholáthar, an t-agallamh pearsanta agus tréimhsí ama infheidhme. Cé go ndearna roinnt tíortha AE+ iarrachtaí déileáil leis na heasnamh atá sna réimsí seo cheana féin, leagadh béim freisin ar an bpointe nach mór déileáil le srianta sistéamacha ionas gur féidir ceart chun saoirse agus slándála iarrthóirí a urramú go hiomlán.

4.9. Rochtain ar fhaisnéis



Lean tíortha AE+ leis an soláthar faisnéise d'iarrthóirí tearmainn a fheabhsú trí nuálaíochtaí agus feabhsuithe digiteacha. In 2021, d'oibrigh údaráis náisiúnta ar fheidhmchláir mhóibíleacha, tairseacha ar líne, moil faisnéise, suíomhanna gréasáin nuashonraithe agus gnéithe nua ar ardáin faisnéise atá forbartha cheana féin chun cur ar chumas iarrthóirí faisnéis a rochtain níos tapa agus níos éasca. Cuireadh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil trí na hardáin sin ar fáil i dteangacha éagsúla freisin.

Bunaíodh soláthar spriocdhírthe faisnéise do ghrúpaí sonracha a bhfuil cosaint ag teastáil uathu, d'aslonnaithe ón Afganastáin agus do dhaoine easáitithe ón Úcráin mar shampla. Seachas faisnéis faoin nós imeachta tearmainn a sholáthar, roinn tíortha AE+ eolas le hiarrthóirí agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta faoin saol laethúil sa tír óstach, cearta agus oibleagáid, agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh.

4.10. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil



Lean tréimhsí dianghlasála mar gheall ar phaindéim COVID-19 ag cur isteach ar sholáthar cúnamh dhlíthiúil i nósanna imeachta tearmainn agus i nósanna imeachta gaolmhara eile in 2021, lena n-áirítear filleadh iar-iarrthóirí, athaontú teaghlaigh agus ceadanna cónaithe a eisiúint tar éis aitheantais. Nuair nár bh fhéidir teagmháil phearsanta a dhéanamh idir soláthraithe cúnamh dhlíthiúil agus cliaint, eagraíodh comhairliúcháin trí ríomhphost nó tríd an teileafón. Bhain rioscaí freisin, áfach, le ciansoláthar seirbhísí, chomh fada is a bhain le cáilíocht na seirbhísí agus rúndacht. Bhí sé níos deacra iontaobhas a bhunú agus bhí nithe praiticiúla níos casta, cosúil le doiciméid a roinnt idir soláthraithe cúnamh.

Chuir roinnt tíortha AE+ lena soláthar cúnamh dhlíthiúil nó ghlac siad le treoirlínte chun cúnamh dlíthiúil éifeachtach a áirithiú ag an gcéad chéim, agus díriodh ar ról na ndlíodóirí i rith ag agallaimh phearsanta. Shoiléirigh leasuithe reachtacha raon feidhme an chúnamh dhlíthiúil, agus bhí sé mar aidhm le hathruithe eile íocaíochtaí stáit a ailíniú le hionadaithe dlíthiúla.

Mar aon le deacrachtaí a bhain leis an nós imeachta tearmainn a rochtain, ní raibh dóthain faisnéise ná cúnamh dhlíthiúil leordhóthanach ag roinnt iarrthóirí ag teorainneacha na hEorpa nó ní raibh dóthain faisnéise ná cúnamh acu. Ina theannta sin, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl go raibh an cúnamh dlíthiúil a bhí ar fáil d'iarrthóirí tearmainn a bhí faoi choinneáil ag déanamh imní dóibh.

4.11. Seirbhísí ateangaireachta



In 2021, rinne tíortha AE+ soláthar ateangaireachta a fhorbairt ar bhonn níos gairmiúla trí phróisis a bhunú chun cáilíocht na seirbhísí a áirithiú. Ag cur leis an taithí a bhí faighte acu roimhe sin, d'infheistigh tíortha AE+ i ndigitiú seirbhísí ateangaireachta.





Mar thoradh ar an líon méadaithe imirceach, d'implonnaigh tíortha áirithe níos mó ateangairí chun déileáil leis an éileamh méadaithe, lena n-áirítear trí chomhaontuithe le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus cuideachtaí príobháideacha a bhfuil saineolas ábhartha acu. Mar sin féin, níor leor i gcónaí an acmhainn atá i roinnt tíortha AE+ chun soláthar éifeachtach léirmhínte a áirithiú, go háirithe i gcás próifílí áirithe iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus i nósanna imeachta dara céime.

4.12. Faisnéis faoin tír thionscnaimh



Bhí príomhfhorbairtí i dtáirgeadh COI in 2021 dírithe ar mhodheolaíochtaí agus ar shreafaí táirgeachta a fheabhsú, ar níos mó taighdeoirí COI a earcú agus faisnéis a sholáthar go tapa chun déileáil le géarchéimeanna. Lean táirgeadh COI ag díriú ar na tíortha tionscnaimh is coitianta d'iarrthóirí tearmainn san Eoraip, eadhon an Afganastáin, an Iaráin, an Iaráic agus an tSiria.

Áiríodh i measc na ndúshlán a thuairiscigh an tsochaí shibhialta an easpa COI maidir le saincheistean a bhaineann le míchumas; cás daoine gan stát agus cearta náisiúntachta; inrochtaineacht theoranta agus so-úsáidteacht bhunachair sonraí COI; agus an easpa faisnéise i dteangacha éagsúla, de bhrí gur i mBéarla atá an chuid is mó d'ábhar COI le fáil.

4.13. Cás daoine gan stát sa chomhthéacs tearmainn



Sa chomhthéacs tearmainn, d'fhéadfadh cás daoine gan stát difear a dhéanamh don phróiseas cinnteoireachta a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta agus coimircí níos imeachta. Bhí saincheistean a bhaineann le cás daoine gan stát dírithe ar fhorbairtí reachtacha agus beartais i roinnt tíortha AE+ in 2021, a ghlac céimeanna chun déileáil le cás daoine gan stát, lena n-áirítear trí aontachas le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha, trí nósanna imeachta tiomnaithe chun cás daoine gan stát a chinneadh agus rochtain ar eadóirseacht a éascú.

Mar sin féin, is cosúil go bhfuil roinnt dúshlán fós le sárú, lena n-áirítear easpa feasachta agus saineolais maidir le saincheistean a bhaineann le cás daoine gan stát sa chomhthéacs tearmainn. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le héiginnteacht in intinn iarrthóirí faoin bpróiseas agus faoina gcearta agus oibleagáidí, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le sainaithint agus clárú míchuí.

4.14. Inneachar cosanta



Tugtar cearta agus sochair éagsúla do dhaoine a fuair cineál cosanta idirnáisiúnta i dtír AE+. D'fhéadfadh cinneadh dearfach stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú (dá ngairtear stádais chomhchuibhithe AE freisin). Tagraíonn an ráta glactha don líon cinntí dearfacha mar chéatadán den líon iomlán cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta.


In 2021, bhí an ráta glactha foriomlán AE+ cothrom le 34% le haghaidh cinntí céadchéime a bhain le hiarratais ar thearmann. Ciallaíonn sé sin, as an 535,000 cinneadh a eisíodh, go raibh 182,000 cinneadh dearfach, cinntí a dheonaigh stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach don iarrthóir. Dheonaigh an chuid is mó de na cinntí dearfacha ag an gcéad chéim stádas dídeanaí (118,000 nó 65% de na cinntí dearfacha ar fad) agus deonaíodh cosaint choimhdeach sa 64,000 cás eile (35% de na cinntí dearfacha ar fad). Seachas na stádais rialaithe ag an Aontas, má chuirtear údaruithe chun fanacht ar chúiseanna daonnúla san áireamh, tá an ráta aitheantais fhoriomlán AE+ maidir le cinntí céadchéime cothrom le 40% in 2021.

Braitheann ionchais a n-imeascadh éifeachtach sa tsochaí óstach ar mhéid agus ar cháilíocht na gceart agus na seirbhísí a fhaigheann tairbhithe cosanta. Ba é 2021 an chéad bhliain inar cuireadh Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú an Aontais Eorpaigh 2021-2027 chun feidhme. Nuashonraigh roinnt Ballstát a gcuid straitéisí imeasctha ionas go mbeidís ag teacht le Plean Gníomhaíochta an Aontais, agus dá bhrí sin, in 2021 bhí na hiarrachtaí ar fad dírithe ar na straitéisí nua seo a chur chun feidhme. Mar thoradh air sin, tháinig go leor athruithe reachtacha a bhaineann le himeascadh i bhfeidhm in 2021 nó ag tús 2022.

Leagadh béim ar leith ar phlé faoi fhoirmeacha náisiúnta cosanta agus bearta tabhairt chun rialtacha, mar gheall ar shrianta taistil COVID-19 i bpáirt agus an fhéidearthacht laghdaithe a bhain le fillteacha a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, dhéileáil tíortha leis an úsáid mhéadaithe atá á baint as athbhreithnithe stádais ar fhorais scoir agus cúlghairme sna blianta roimhe sin. Atreoraíodh cásanna chuig na cúirteanna go minic i rith 2021 chun treoir maidir le hathaontú teaghlaigh a sholáthar.

Lean an líon staidéar a bhí á ndéanamh ag páirtithe leasmhara éagsúla – údaráis náisiúnta, institiúidí taighde, meithleacha machnaimh, lucht acadúil agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta – ag fás, staidéir a dhéanann meastóireacht ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na straitéisí imeasctha náisiúnta, agus tugadh léargais úsáideacha sna tuarascálacha ar bhealaí chun cuir chuige imeasctha a fheabhsú tuilleadh. Ainneoin go raibh bacainní praiticiúla fós luaite le go leor gnéithe de shaol laethúil thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta, thug údaráis náisiúnta – go minic i gcomhar le húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta – faoi thionscnaimh chun na dúshláin sin a sháru, go háirithe i réimse oideachas leanaí.

Fíor 2. Na rátaí aitheantais céadchéime i dtíortha AE+ de réir náisiúntachta agus stádais deonaithe, 2021



Tabhair faoi deara: Is leis an 20 náisiúntacht sin a bhain an líon is mó cinntí céadchéime a eisíodh i dtíortha AE+ in 2021.

Foinse: Eurostat [[migr_asydcfstq](#)] amhail ar an 22 Aibreán 2022.



4.15. Filleadh iar-iarrthóirí



Tar éis tionchar suntasach a bheith ag srianta COVID-19 ar chúrsaí in 2020, cuireadh tús an athuair le fillteadh iarrthóirí tearmainn diúltaithe a chur chun feidhme in 2021. Mar sin féin, níor éirigh le go leor tíortha an leibhéal céanna oibríochtaí a comhlíonadh roimh an bpaindéim a chomhlíonadh. Chun éifeachtúlacht i réimse na bhfillteacha a fheabhsú, bhunaigh go leor tíortha athruithe dlíthiúla agus athruithe nós imeachta chun idirnaisc a chruthú idir nósanna imeachta tearmainn agus nósanna imeachta um fhilleadh. Áiríodh ina measc, mar shampla, comhairleoireacht um fhilleadh maidir le cinneadh diúltach tearmainn agus ordú um fhilleadh a ionchorprú i gcinneadh diúltach tearmainn.

Lean tíortha AE+ lena n-iarrachtaí feabhas a chur ar fhillteacha deonacha trí chomhpháirtíochtaí, cláir athimeasctha agus comhairleoireacht phearsantaithe do náisiúnaigh trí tíortha. Chomh maith leis sin, bhain tíortha úsáid as uirlisí a dtacaíonn Frontex leo, amhail larratas Frontex ar Fhilleadh (FAR), chun cur chun feidhme fillteacha a fheabhsú.

Scrúdaigh CBAE, ECtHR agus cúirteanna náisiúnta roinnt cásanna a bhain le fillteacha in 2021 d'fhonn a áirithiú go bhfuiltear ag cloí le ráthaíochtaí nós imeachta agus caighdeáin chearta an duine, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le measúnú cuí a dhéanamh ar rioscaí aonair sa chás go bhfillteann duine; cuntas cuí ar leas an linbh roimh chinneadh um fhilleadh a dhéanamh, fiú amháin sa chás nach mionaoiseach ach gur tuismitheoir an duine a bhfuil an cinneadh dírithe air/uirthi; cúiteamh a íoc as damáistí a bhain d'iarrthóirí tearmainn diúltaithe a ndearnadh íde mhídhaonna nó tháireach orthu tar éis iad a dhíbirt; agus coinneáil a chur ar fionraí mura bhfuil ionchas inmharthana ann go gceadófar fillteadh.

4.16. Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil



Spreag bearta COVID-19 i rith 2021 rialtais náisiúnta chun uirlisí digiteacha a úsáid chun leanúint lena ngníomhaíochtaí i réimse an athlonnaithe, lena n-áirítear cianagallaimh roghnúcháin agus cláir réamhimeachta agus treoshuímh chultúrtha. De bhrí go tháinig laghdú suntasach ar oibríochtaí athlonnaithe in 2020, ní raibh formhór na dtíortha in ann a ngealltanais a chomhlíonadh don bhliain, rud ba chúis le gealltanais a bheith á dtabhairt anonn go dtí 2021.

De bharr forbairtí san Afganastáin, tharla aslonnaithe go tapa, a cuireadh chun feidhme trí chlár athlonnaithe i gcásanna áirithe. Tugadh faoi roinnt tionscnamh náisiúnta freisin chun glacadh le náisiúnaigh Afganastánacha trí scéimeanna um ligean isteach daonnúil.

Chun bealaí malartacha sábháilte agus dlíthiúla cosanta a sholáthar, lean roinnt tíortha AE+ lena gcláir urraíochta pobail reatha a fhorbairt agus conairí comhlántacha oideachais a thairiscint.





5. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn



Rinneadh beartais agus cleachtais d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhorbairt bunaithe ar na creataí reachtacha náisiúnta atá forbartha cheana féin agus ar phróifílí sonracha iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu atá ag teacht isteach i dtír.

Dhírigh roinnt tíortha AE+ ar fheabhas a chur ar iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint agus ar thacú leo trí straitéisí náisiúnta a fhorbairt, sásraí a chomhordú, próisis mheasúnaithe leochaileachta a fheabhsú agus leanúint le raon leathan cúrsaí oiliúna speisialaithe a chur ar fáil. Lainseáil tíortha eile tionscnaimh nua nó lean siad ar aghaidh le tionscnaimh a bhí bunaithe cheana féin, ag díriú ar ghrúpaí sonracha iarrthóirí. Mar shampla, rinneadh nuashonrú agus mionchoigeartú ar threoirlínte chun cásanna a mheas lena áirithiú go ndéanfaidh oifigigh tearmainn éilimh a bhaineann le foréigean inscne, ciorrú agus gearradh ball giniúna ban (FGM/C), gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, agus gáinneáil ar dhaoine a chur san áireamh go leordhóthanach. Ina theannta sin, lean oiliúint speisialaithe don fhoireann le heolas a roinnt le cásoifigigh ionas go mbeidh ar a gcumas riachtanais shonracha a shainaithint agus déileáil leo go tapa agus ar bhealach oiriúnach.

Arís eile b'éigean do roinnt córas glactha déileáil leis an dúshlán a bhain le tacú go cuí le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu nuair a bhí an líon spásanna fáiltithe speisialaithe teoranta. In a lán tíortha AE+ tugadh tosaíocht d'iarrthóirí a bhí leochaileach, ach nach gá gurb iad na háiteanna a bhí ar fáil na háiteanna is fearr chun críche freastal ar riachtanais fáiltithe speisialaithe.

Glacadh le Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas don tréimhse 2021-2030, agus d'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le EUAA i réimse an tearmainn. Go háirithe, d'iarr an Coimisiún Eorpach go n-éascófaí oiliúint oifigeach cosanta agus ateangairí a bhíonn i dteagmháil le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, glacadh le Straitéis chuimsitheach nua AE maidir le Cearta an Linbh in 2021, ina raibh breithnithe ar leith maidir le rochtain leanaí dídeanaithe ar oideachas agus cúram sláinte leordhóthanach, chomh maith leis an ngá atá acu le faisnéis agus treoir aoisoiriúnach i rith an nós imeachta tearmainn.

Iarrthóirí mionaoiseacha neamhthionlactha



In 2021, thaisc mionaoisigh neamhthionlactha thart ar 23,600 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+,¹ an líon is mó iarratas ó 2017. D'fhan sciar na mionaoiseach neamhthionlactha laistigh de na hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta réasúnta cobhsaí ag thart ar 4%, fianaise gur léargas é an méadú ar an dearbhlíon ar níos mó iarratas ar thearmann a bheith á dtaisceadh go ginearálta, seachas mórfhlódú díreireach mionaoiseach neamhthionlactha.

¹ Ní raibh sonraí a bhain leis an bhFrainc, an Liotuáin agus an Phortaingéil ar fáil.






Mionaoisigh neamhthionlactha a bhfuil cosaint á lorg acu



In 2021 fuarthas **23,600 iarratas**, an líon is airde mionaoiseach neamhthionlactha a bhí ag lorg tearmainn i dtíortha AE+ ó 2017.



Bhí **2/3** de gach iarrthóir ar mionaoiseach neamhthionlactha é/sí idir **16** agus **17** mbliana d'aois

Foinse: Sonraí ó Eurostat amhail ar an 22 Aibreán 2022.

#TuarascáilTearmainn2022



Tháinig méadú suntasach ar an líon iarratas a rinne leanaí ón Afganastáin agus ón tSiria. Afganastánaigh óga ba ea 53% de na mionaoisigh neamhthionlactha ar fad, agus ba ón tSiria 16% de na leanaí.

<https://euaa.europa.eu/asylum-report-2022>





Bhí an dearbhlíon iarratas a rinne mionaoisigh neamhthionlactha ón Afganastáin (12,600) agus ón tSiria (3,900) ag an leibhéal ab airde ó 2016 agus i bhfad níos airde i gcomparáid leis na 4 bliana roimhe sin. I dtéarmaí coibhneasta, Afganastánaigh (53%) a thaisc breis is leath de na hiarratais a fuarthas ó leanaí neamhthionlactha, agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí Siriaigh (16%), Banglaidéisigh (6%) agus Somálaigh (5%), agus bhí na treochtaí a bhain le gach tír ag méadú i gcomparáid le blianta beaga anuas.

Bhí thart ar dhá thrian de na hiarrthóirí ar mionaoisigh neamhthionlactha iad idir 16 agus 17 bliana d'aois, agus cailíní ba ea 6% de na mionaoisigh neamhthionlactha ar fad i dtíortha AE+.

Tharraing insreabhadh níos airde mionaoiseach neamhthionlactha aird ar bhearnaí a bhí ann cheana sna córais tearmainn náisiúnta, lena n-áirítear caomhnóirí a cheapadh, measúnú a dhéanamh ar aois mionaoiseach féinfhógartha, agus creat dlíthiúil soiléir a bheith acu chun a áirithiú go héifeachtach go gcuirfear leas an linbh san áireamh sa chomhthéacs tearmainn. I roinnt tíortha bhain dúshlán le leanaí a áireamh in oideachas príomhshrutha go tapa. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar an gcineál saoil a bhíonn acu amach anseo mar thairbhithe aitheanta de chosaint idirnáisiúnta agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le cineálacha eile ceadanna a fháil a bhaineann le staidéar nó le hobair, má dhiúltaítear dá n-iarratas ar thearmann.

Ráitis deiridh

In 2021, lean teophointí agus treochtaí nua le brú a chur ar chórais tearmainn i dtíortha AE+. Soghluaisteacht amach ó na criosanna easáitithe atá ann cheana agus cúinsí nua a chuirtear i láthair sa tuarascáil, amhail ionstraimiú na himirce, a cuireadh san áireamh chun brú a chur ar rialtais náisiúnta. B'éigean do thíortha AE+ mórphlódú imirceach a bhainistiú agus líon méadaithe iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a mhéadaigh go dtí leibhéal réamhphaindéime. I bhfianaise forbairtí den chineál sin, lean tíortha AE+ lena gcórais tearmainn agus ghlactha a oiriúnú, trí úsáid a bhaint as meascán de réitigh shealadacha agus fhadtearmacha.

Ó tharla tús a bheith curtha leis an dara bliain de COVID-19, bhí dúshlán fós le sárú ag feidhmiú na gcórais tearmainn agus glactha. Mar sin féin, bhí tíortha AE+ níos ullmhaithe in 2021 agus rinneadh réitigh a phríomhshruthú chun na bacainní a d'eascair as an bpaindéim a shárú agus chun leanúnachas gnó a áirithiú. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh, mar shampla, trí dhigitíú leanúnach na nósanna imeachta tearmainn – treocht a d'fhorbair go mall le blianta beaga anuas, agus treocht a d'fhorbair go suntasach i rith na paindéime agus in 2021.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin ag tús 2022, iarradh ar thíortha AE+, laistigh de thréimhse ama an-ghearr, teacht ar réitigh thapa agus chuimsitheacha ar chosaint do thart ar 5 milliún duine a bhí ag teitheadh ón gcogadh – tasc suntasach nach raibh a leithéid le cur i gcrích le blianta beaga anuas. Sholáthair an Treoir um Chosaint Shealadach, uirlis reachtach de chuid an Aontais Eorpaigh, creat le haghaidh réiteach sistéamach agus sholáthair gníomhachtú na Treorach sin bealach chun freastal ar riachtanais daoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin, ar bhealach aonfhoirmeach agus intuatha.

Ar an iomlán, fianaise ba ea na forbairtí a rinneadh in 2021 agus go luath in 2022, ar an tábhacht shuntasach a bhaineann le hailtireacht fheidhmiúil, ilnáisiúnta cosanta Eorpach a bheith i bhfeidhm – córas a sholáthraíonn cosaint éifeachtach dóibh siúd atá i ngátar, agus ag an am céanna caitheamh leis na daoine sin nach bhfuil i ngátar ar bhealach measúil agus díniteach. Chomh maith leis sin, tharraing na forbairtí seo aird ar bhunphrionsabal atá ag croílár an tearmainn: eascraíonn an gá atá le cosaint as géarchéimeanna agus méadaíonn an





gá atá le cosaint mar thoradh ar ghéarchéimeanna. Dá bhrí sin, ní ghactar leis gur cásanna eisceachtúla iad géarchéimeanna agus an brú a bhaineann leo, glactar leo mar an réaltacht go bhfuil córas tearmainn fheidhmiúil deartha chun déileáil le cúrsaí.

Tá coinbhleacht armtha, sárúithe córasacha ar chearta an duine, éagobhsaíocht pholaitiúil agus éiceachórais atá á ndíghrádú ar bhonn leanúnach tar éis easáitithe suntasacha a spreagadh ar fud an domhain agus leanfar leis na heasáitithe sin. Tá gá le córais sholúbtha agus ceapadh beartais fóna atá bunaithe ar fhórais iontaofa chun réitigh chruthaitheacha ar bhrú méadaithe a aithint. Ina theannta sin, tá creataí cuimsitheacha reachtacha agus beartais bunriachtanach chun bunús a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine easáitithe atá ag teacht chun na hEorpa, agus cearta bunúsacha na ndaoine agus prionsabal an *non-refoulement* urramú ag an am céanna.

Le scór bliain anuas, le bunú agus forbairt CET, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Eoraip chun creat coiteann a fhorbairt chun tearmann a bhainistiú. Bhíothas in ann freagairt ghasta Eorpach a thabhairt ar an ngéarchéim san Úcráin agus réitigh chosanta a sholáthar toisc go raibh ionstraim reachtach, an Treoir um Chosaint Shealadach, ar fáil go héasca lena húsáid, in ainneoin nár gníomhachtaíodh an Treoir riamh roimhe sin.

Níl aon amhras ach go bhféadfaí feabhas a chur ar roinnt réimsí i réimse an tearmainn, lena n-áirítear rochtain éifeachtach ar an gcríoch agus ar an nós imeachta tearmainn, comhroinnt chothromasach freagrachta i measc tíortha Eorpacha, dálaí glactha agus filleadh daoine nach bhfuil cosaint de dhíth orthu a chur chun feidhme go héifeachtúil.

De réir mar a leantar leis an bplé ar ionstraimí reachtacha Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an Choimisiúin Eorpaigh, agus le dlí-eolaíocht mhéadaithe ó CBAE agus ó údaráis bhreithiúnacha náisiúnta chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm ceart an dlí Eorpach maidir le tearmann a áirithiú, déanfar CET a chalabhrú agus a nuachóiriú tuilleadh chun freagairt do phatrúin imirce atá ag teacht chun cinn agus do riachtanais chosanta a bhaineann leo.

Féach ar na hacmhainní breise ar fad a bhaineann le Tuarascáil Tearmainn 2022:
<https://euaa.europa.eu/asylum-knowledge/asylum-report>



Tuarascáil Tearmainn 2022: Achoimre Feidhmiúcháin

Mar fhoinsé faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach i *dTuarascáil Tearmainn 2022* ar na príomhfhorbairtí a rinneadh sa réimse tearmainn in 2021. Cuirtear i láthair san Achoimre Feidhmiúcháin leagan giorraithe den phríomhthuarascáil.

Tiomsaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) faisnéis faoi gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn. Chuige sin, sonraítear sa tuarascáil athruithe ar bheartais, ar chleachtais agus ar reachtaíocht. Léirítear ann treochtaí maidir le tearmann, príomhtháscairí don bhliain tagartha 2021, forléargas ar chóras Bhaile Átha Cliath lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as cás agus rannóg ar leith maidir le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha. Tá samplaí de chásdlí ann chun cabhrú le daoine dlíthe Eorpacha agus náisiúnta a léirmhíniú i gcomhthéacs *acquis* tearmainn an AE.

Tá *Tuarascáil Tearmainn 2022* bunaithe ar fhaisnéis ó réimse leathan foinsí – lena n-áirítear tuairimí ó údarais náisiúnta, institiúidí an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an saol acadúil – chun léargas iomlán agus dearchtaí éagsúla a chur i láthair. Fónann an tuarascáil, ina dtagraítear don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2021, mar thagairt do na forbairtí is déanaí maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip.

